COMHAIRLE CONTAE LÚ

Fodhlíthe Chontae Lú (Cur i Láthair agus Bailiú Dramhaíl Teaghlaigh agus Dramhaíl Thráchtála), 2008

Fodhlíthe maidir le Bailiú, Stóráil agus Cur i Láthair Dramhaíl Teaghlaigh agus Dramhaíl Thráchtála agus maidir le ceisteanna gaolmhara eile lena n-áirítear leithscaradh dramhaíola chun críocha athchúrsála agus cur chun cinn ardchaighdeán do bhainistíocht dramhaíola in ollionaid teaghaisíní agus in ollionaid bhainistithe eile.

ARNA NDÉANAMH FAOI ALT 35 DEN ACHT UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA, 1996 AGUS ALT 19 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

Rún arna ghlacadh ag Comhaltaí Chomhairle Chontae Lú ag a cruinniú den 17 Samhain 2008.

CONTAE LÚ

FODHLÍTHE UM BAILIÚ, STÓRÁIL AGUS CUR I LÁTHAIR DRAMHAÍOLA AGUS CEISTEANNA ÁIRITHE ATÁ BAINTEACH LE BAINISTÍOCHT DRAMHÁIOLA

I bhfeidhmiú a gcumhachtaí de bhua Alt 35 den Acht um Bainistíocht Dramhaíola, 1996 agus Cuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus i bhfeidhmiú gach cumhachta eile arna chumhachtú déanann sí leis seo na Fodhlíthe seo a leanas um bailiú, stóráil agus cur i láthair dramhaíola teaghlaigh agus dramhaíola tráchtála agus chun dul i gceann ceisteanna gaolmhara eile lena n-áirítear rialú cuí saoráidí athchúrsála agus clárú ollionad teaghaisíní agus chun sainchaighdeáin bhainistíochta dramhaíola a sholáthar.

ANOIS BÍODH A FHIOS GO ndéanann Comhairle Chontae Lú leis seo na Fodhlíthe seo a leanas

CUID I

Réamhráiteach

1. Gearrtheideal Fodhlíthe Chontae Lú (Cur i Láthair agus Bailiú Dramhaíola Teaghlaigh agus Dramhaíola Tráchtála), 2008 is teideal do na Fodhlíthe seo.

2. Tosach feidhme na bhFodhlíthe . Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i ngníomh ar an 17ú Nollaig, 2004

3. Limistéar Feidhmithe Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo sa limistéar a chuimsíonn Contae Lú agus áireofar air na limistéir laistigh de theorainneacha baile Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia.

4. Léiriú Sna Fodhlíthe seo tríd síos, beidh leis na focail agus na nathanna seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh faoi seach anseo thíos, muna n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, sé sin le rá:

Ciallaíonn '**teaghaisín**' aonad glanscartha cónaithe i bhfoirgneamh nó campas a chuimsíonn líon áirithe aonad dá shórt.

Ciallaíonn "**ollionad teaghaisíní**" aon fhoirgneamh deartha le húsáid agus a úsáidtear mar dhá árasán nó

theaghaisín ar leithligh nó níos mó nó aon champas a chuimsíonn aonaid chónaithe teaghaisín a mbíonn seirbhís acu i bpáirt.

Ciallaíonn "**saoráid formheasta diúscartha dramhaíola**" láithreán líonta talún atá ceadúnaithe ag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil.

Ciallaíonn "**duine údaraithe**" "duine údaraithe" faoi bhrí Alt 40 (10) den Acht Rialtais Áitiúil, 1994 arna ionadú ag Alt 35(1)(c) den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 agus cuimsíonn sé duine údaraithe chun críocha Rialacháin an Acht Rialtais Áitiúil, 1994 (Fodhlíthe) [I.R. Uimh. 360 de 1995] nó Acht nó Rialachán ar bith a leathnaíonn nó a leasaíonn an céanna.

Áirítear le "**dramhaíl téagartha**" rudaí amhail cuisneoirí, troscán, cairpéid srl. nach bhfuil slí dóibh i mbosca bruscair rothlaithe.

Ciallaíonn "**Gabhdán Bhanc Beir Leat**" aon choimeádán formheasta ag an gComhairle atá suite i láithreán "Beir Leat" sonraithe chun críocha aisghabháil dramhphacáistithe teaghlaigh sonraithe a éascú.

Ciallaíonn "**Láithreán Beir Leat**" láithreán mar a bhfuil líon gabhdán bhanc "Beir leat" curtha ar fáil ag an gComhairle chun críocha aisghabháil dramhphacáistithe teaghlaigh sonraithe a éascú.

Beidh ag "**Dramhaíl Thráchtála"** an chiall a shanntar dó san Acht um Bhainistú Dramhaíola 1996 (leasaithe).

Airítear le 'Á**bhair Tirim Inathchúrsáilte'** na hábhair seo a leanas:

- Páipéar
- Cárta éadrom/cairtchlár
- Cannaí miotail
- Cannaí alúmanaim
- Buidéil phlaisteacha teireataláite poileitléine (TEP)
- Buidéil phlaisteacha teireataláite poileitléine ard-dlúis (TPAD)
- Cartáin dí
- Aon ábhair inathchúrsáilte eile

Tá le "**cosán**", "**bealach coise**", "**bóthar poiblí**" agus "**bóthar**" na bríonna a shanntar dóibh faoi Alt 2(1) den Acht Bóithre, 1993.

Tá le "**dramhaíl teaghlaigh**" an bhrí a shanntar dó san Acht um Bainistíocht Dramhaíola 1996.

Ciallaíonn "**Údarás Áitiúil**" údarás áitiúil mar a mhínítear é san Acht Rialtais Áitiúil 2001, san Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 agus i ngach nó in aon Acht nó Ionstraim Reachtúil a dtagraítear dó sna Fodhlíthe seo agus aon leasú nó athchur de sin.

Le "**micrishlis**" áirítear aon ghaireas leictreonach inionchlannaithe nó incheangailte ar shlí ar bith le bosca bruscair rothlaithe agus a úsáidtear chun críocha taifeadadh, stóráil, scagadh, áireamh, ascnamh agus'/nó úsáid sonraí gnó nó teicniúla i dtaca le húsáid an bhosca bruscair rothlaithe ina bhfuil sé ionchlannaithe nó a bhfuil sé ceangailte leis.

Beidh le "**Duine Freagrach**" an bhrí -

(a) i gcás teaghmhaisí príobháideacha ar cíos, teagmhaisí a shholáthraíonn **údarás áitiúil** nó **foras** a fhaofar faoi Alt 6 den Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992, teagmhaisí arna dtógáil ar cíos ag tionóntaí údaráis áitiúil agus maoin thráchtála (ach amháin maoin a dtagraítear dóibh in alt (b) de seo) an sealbhóir,

(b) i gcás maoin atá mar chuid de ollionad bainisithe, a sholáthraíonn saoráidí comhchoiteanna diúscartha dramaíola an té nó na daoine a bhainistíonn an t-ollionad,

(d) i ngach cás eile, an t-úinéir.

Ciallóidh "**seirbhís**" an tseirbhís faoina ndéanann soláthraí seirbhíse dramhaíl a bhailiú, a dhiúscairt agus/nó a aisghabháil/athchúrsáil.

Ciallóidh "**soláthraí seirbhíse**" duine a bhailíonn, chun críocha luach saothair, ar mhaithe le brabús nó eile i mbun gnó, dramhaíl, de réir mar a bheidh, faoi Chead Bailithe Dramhaíola deonaithe faoi na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Cead Bailithe), 2007 agus atá i bhfeidhm san am i láthair.

Ciallaíonn "**am ordaithe**" ar na laethanta agus ag na huaireanta den lá a bhféadfadh Soláthraí Seirbhíse a shocrú ó am go chéile le haghaidh bailiú dramhaíola teaghlaigh nó dramhaíola tráchtála, de réir mar a bheidh, ó aon áitreabh ag an soláthraí seirbhíse sin.

Ciallaíonn "**áit ordaithe**" i dtaca le haon áitreabh áit áisiúil díreach taobh amuigh de bhéal áitribh nó chomh deas agus a bhíonn praiticiúil ach ní i gcaoi is go gcuirfí bac ar úsáideoirí an bhóthair, an chosáin nó an bhealaigh choise.

Ciallaíonn "**coimeádán slán ar mhíolra"** gabhdán miotail nó

gabhdán trom plaisteach slán ar mhíolra ina bhfuil málaí bruscair réamhíoctha a sholáthraíonn Soláthraí Seirbhíse le cur le cur i láthair le haghaidh bailiú ag an soláthraí seirbhíse dramhaíola.

Beidh ag "**dramhaíl**" an bhrí a shanntar dó ag an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 ach i gcás go bhforáltar a athrach sin sna Fodhlíthe seo.

Ciallaíonn "**gabhdán Dramhaíola**" gabhdán a dearadh chun dramhaíl a choimeád nó a stóráil ar feitheamh lena chur i láthair le haghaidh bailiú agus diúscairt.

Ciallaíonn "**bosca bruscair rothlaithe**" gabhdán a ghéilleann do na caighdeáin le haghaidh gabhdán ghluaiste dramhaíola sonraithe in I/S. EN 840-1; 1997 (cuid 1–6 iniatach) agus a úsáidtear chun críocha dramhaíl teaghlaigh nó dramhaíl tráchtála a chur i láthair le haghaidh bailiú agus diúscairt agus measfar go n-áirítear air tagairt d'aon mhicrishlis a sholáthrófar mar sin, má fheistítear nó má aisfheistítear é ag am ar bith.

CUID II

Oibleagáidí ar Choimeádaithe Dramhaíola

5. **Dramhaíl a Chur i Láthair le haghaidh Bailiú**

Duine freagrach a bhfuil conradh aici/aige le soláthraí seirbhíse le haghaidh bailiú dramhaíola, **cinnteoidh sí/sé:**

(1)

(a) Go gcuirfear dramhaíl i láthair le haghaidh bailiú ag an am agus san áit atá leagtha amach sa Chonradh le bailiú ag an Soláthraí Seirbhíse agus go mbeidh sé gafa go hiomlán laistigh de bhosca bruscair rothlaithe nó de bhosca bruscair réamhíoctha arna sholáthar an soláthráí seirbhíse a chuirtear i ngabhdán slán ar mhíolra nó in aon ghabhdán eile arna sholáthar nó arna fhormheas ag Comhairle Chontae Lú.

(b) Nach mbainfidh alt (a) le cur i láthair le haghaidh bailiú cairtchlár burláilte ag áitreabh tráchtála ar choinníoll go bhfuil burlaí mar iad ceangailte go docht.

(2) Nach gcuirfear i láthair le haghaidh bailiú ACH dramhaíl atá clúdaithe faoi théarmaí an chonartha.

(3) Go ngéillfear do cibé treoracha a thugtar dó nó di nó a thugtar go ginearálta trí fhógra poiblí nó eile, ag an soláthraí seirbhíse sin (nó Comhairle Chontae Lú).

(4) Nach gcuirfear i láthair le haghaidh bailiú i mbosca bruscair rothlaithe nó i ngabhdán slán ar mhíolra i gcúinsí mar ar baineadh na rothaí nó an clár den bhosca bruscair rothlaithe nó den ngabhdán slán ar mhíolra sin nó i gcúinsí mar ar damáistíodh an bosca bruscair rothlaithe nó an gabhdán slán ar mhíolra sin chomh dona sin nach bhfuil sé oiriúnach níos mó don gcuspóir lenar dearadh é nó nach féidir é a fholmhú go háisiúil.

(5) Go mbeidh an claibín dúnta go hiomlán ar an mbosca bruscair rothlaithe nó ar an ngabhdán slár ar mhíolra agus go mbeidh hanla an bhosca bruscair dírithe i dtreo an bhóthair phoiblí áit is féidir sin.

(6) Nach gcuirfear dramhaíl téagartha i láthair sa ghnáthbhailiúchán teaghlaigh.

(7) Nach gcuirfear dramhaíl teaghlaigh nó dramhaíl tráchtála ar fáil le haghaidh bailiú níos túisce ná 6.00 pm ar an lá roimh an bailiúchán agus nach bhfágfar boscaí bruscair rothlaithe / gabhdáin slán ar mhíolra lasmuigh d'aon áitreabh tar éis lá an bhailiúcháin.

(8) Nach gcuirfear nó nach bhfágfar nó nach gcuirfear faoi ndear a chur nó a fhágáil dramhaíl thráchtála comhdhéanta d’aon táirge nó d’aon substaint nó d’aon phacáistíocht i mbosca bruscair rothlaithe ná i ngabhdán slán ar mhíolra ag briseadh Rialachán a rinneadh faoi Alt 29 den Acht um Bainistíocht Dramhaíola, 1996.

6. **<u>Stóráil Dramhaíola</u>**

Cinnteoidh Duine Freagrach (ach sa chás go n-údaraíonn Comhairle Contae Lú a athrach sin):

(1) Go gcoimeádfar boscaí bruscair rothlaithe/gabhdáin slán ar mhíolra laistigh de chúirtealáiste áitreabh an duine sin ach nuair a bhíonn siad curtha ar chosán, ar bhealach coise nó ar bhóthar poiblí le bailiú ag soláthraí seirbhíse.

(2) Go gcoimeádfar boscaí bruscair rothlaithe/gabhdáin slán ar mhíolra sa riocht ceart agus i ndeisriocht agus go háirithe sa riocht agus sa deisriocht le go mbeidh agus go bhfanfaidh aon mhicrishlis ionchlannaithe ann nó ceangailte leis ar bhealach ar bith glan, neamhdhamáistithe, slán, i ndeisriocht agus inúsáidte dá feidhm cheaptha.

(3) Nach ndéanfar micrishlis ionchlannaithe nó ceangailte in aon slí de boscaí bruscair rothlaithe/gabhdáin slán ar mhíolra a bhaint de nó ní iad a dhamáistiú, a scrios, a chur as riocht, a fhágáil gan feidhm nó cur isteach orthu ar aon bhealach eile.

(4) Go ndéanfar cúram ceart de bhoscaí bruscair rothlaithe/gabhdáin slán ar mhíolra Beidh cúram ar dhuine freagrach maidir leis an mbosca bruscair rothlaithe a choimeád sa riocht ceart agus sa chás nach ndéanfar é athchuirfear an bosca bruscair rothlaithe ar a chostas féin má dhamáistítear é de dheasca tine nó mí-úsáid nó má chailltear é.

(5) Beidh teacht ag an Soláthraí Seirbhíse ar bhoscaí bruscair rothlaithe/gabhdáin slán ar

mhíolra agus gabhdáin dramhaíola chun críche micrishliseanna nó marcanna aitheantas nó lipéid cheangailte de a athchur, a dheisiú nó a léamh.

(6) Go gcuirfear dramhaíl a chuirtear i mboscaí bruscair rothlaithe/gabhdáin slán ar mhíolra nó gabhdán dramhaíola ann ar bhealach a cheadófar folmhú an bhosca bruscair rothlaithe a fholmhú go háisiúil agus sa chaoi nach dtitfidh sé amach as.

(7) Nach gcuirfear luaithreach te nó aon ábhar dramhaíola eile a d'fhéadfadh boscaí bruscair rothlaithe/gabhdáin slán ar mhíolra nó gabhdán dramhaíola a dhamáistiú nó gortú a dhéanamh do dhuine ar bith.

(8) Duine freagracha a thugann ar shiúil nó a chuireann á tabhairt ar shiúil aon dramhaíl a tháirgtear ar a (h)áitreabh féin, le linn don ábhar a bheith á thabhairt ar shiúil, ní ligfidh an té sin don dramhaíl sin titim ar nó fánach ar chosán, ar bhealach coise, phábháil nó ar bhóthar ar bith nó ní cheadóidh d'aon duine atá ag gníomhú go díreach dó nó di an céanna a chur ar aon chosán, bealach coise, pábháil nó bóthar.

7. <u>Cineálacha Dramhaíola</u>

Sa chás go mbaineann Duine Freagrach leas as bailiúchán leithscartha ar leithligh, á sholáthar ag Soláthraí Seirbhíse, agus an dramhaíl á cur i láthair le haghaidh bailiú, cuirfidh an té sin an dramhaíl chuí sa bhosca bruscair rothlaithe nó in aon chóras eile a fhormheasfaidh Comhairle Chontae Lú, atá lipéadaithe le modh an bhailiúcháin ar leithligh a aithint. Tá an tseirbhís leithscartha liostaithe de réir táirge i Sceideal 1 de na Fodhlíthe seo.

8. <u>Ollionaid Teaghaisíní, Tráchtála nó Ollionaid Bhainistithe eile</u>

(1) Caithfidh Duine Freagrach i gceannas ar ollionad teaghaisíní an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

a) Má tá breis is 10 n-aonad teaghmhaise san ollionad teaghaisíní, seirbhís a sholáthar, a chothabháil, a sheirbhísiú, nó a shocrú do na sruthanna dramhaíola leithscartha seo a leanas de phacáistiú teaghlaigh, gloine (gléineach, uaine nó donn), cannaí alúmanaim agus buidéil phlaisteacha.

b) Má bhíonn seirbhís ar fáil, gabhdáin leithscartha ar leithligh a sholáthar atá formheasta ag Comhairle Chontae Lú, le haghaidh ábhar tirim inathchúrsáilte a choimeád, a stóráil agus a bhailiú agus a chinntiú go bhfostaítear bailitheoir atá údaraithe faoi na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Cead Bailithe), 2007 leis na gabhdáin seo a sheirbhísiú.

c) Má bhíonn seirbhís ar fáil, gabhdáin leithscartha neamhspleácha a sholáthar atá formheasta ag Comhairle Chontae Lú, le haghaidh dramhaíl orgánach a choimeád, a stóráil agus a bhailiú agus a chinntiú go bhfostaítear bailitheoir atá údaraithe faoi na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Cead Bailithe), 2007

leis na gabhdáin seo a sheirbhísiú.

d) Gabhdáin dramhaíola sách mór agus dóthain díobh a sholáthar le freastal ar líon na n-aonad san ollionad teaghaisíní.

e) A chinntiú go mbíonn gabhdáin dramhaíola formheasta insroichte i gcónaí ag na tionóntaí agus sealbhóirí go léir ach nach mbíonn teacht orthu ag daoine nach áitritheoirí iad den ollionad teaghaisíní.

f) Clárú leis an gComhairle faoin bhFodhlí seo ar an bhfoirm liostaithe i Sceideal 2 agus táille clárúcháin de €200 a íoc maille le táille monatóireachta bliantúil de €100 a íoc leis an gComhairle, a dhéanfar a choigeartú de réir Innéacs an Phraghas Mhiondíola.

9. <u>Ginearálta</u>

(1) I gcás go bhfuil bosca bruscair rothlaithe nó gabhdán slán ar mhíolra san áit cheaptha ag an am ceaptha nó go bhfanann sé ansin measfar gur chuir Duine Freagrach é san áit cheaptha ag an am ceaptha leis an intinn go gcuirfí i láthair é le haghaidh bailiú na dramhaíola teaghlaigh nó na dramhaíola tráchtála istigh ann, de réir mar a bheadh, agus go bhfuil údarás iomlán agus dochúlghairthe dul i mbun bailiú na dramhaíola atá ann agus aon léamha, imircí nó íoslódáil aon eolais nó sonraí eile ó aon mhicrshlis ionchlannaithe ann nó atá ceangailte de ar aon tslí eile.

(2) Ceadóidh Duine freagrach a chuireann dramhaíl teaghlaigh nó dramhaíl tráchtála i láthair le haghaidh bailiú don soláthraí seirbhíse, trí bhíthin conraitheoirí, searbhóntaí nó gníomhairí, micrishlis a fheistiú, a iarfheistiú nó a athchur air sin.

(3) Ceadóidh Duine Freagrach a chuireann dramhaíl teaghlaigh nó dramhaíl thráchtála i láthair le haghaidh bailiú ag gach am réasúnta do Sholáthraí Seirbhíse teacht a fháil ar mhicrishlis ionchlannaithe nó ceangailte le bosca bruscair rothlaithe ar bhealach ar bith chun críocha scrúdú a dhéanamh ar an mhicrishlis sin agus chun críocha sonraí nó faisnéis eile a léamh nó a bhaint de ar bhealach eile.

(4) Ní choiscfidh nó ní chiapfaidh Duine Freagrach d'aonturas fostaí ar bith de sholáthraí seirbhíse i dtabhairt ar shiúil dramhaíola teaghlaigh nó dramhaíola tráchtála, de réir mar a bheidh, nó aon duine nó searbhónta d'aon duine atá fostaithe ag soláthraí seirbhíse i dtabhairt ar shiúil dramhaíola teaghlaigh nó dramhaíola tráchtála, de réir mar a bheidh, ná ní chuirfear isteach orthu.

(5) Cinnteoidh Duine Freagrach atá ag diúscairt earraí gloine go gcuirtear an céanna i ngabhdáin a dearadh go speisialta chun gloine a thógáil.

10. <u>Úsáid saoráidí Aisghabhála nó Diúscartha Dramhaíola seachas na saoráidí a sholáthraíonn an Soláthraí Seirbhíse</u>.

(1) Is ag sealbhóirí tí agus baill aonair den phobal amháin a bheidh cead gabhdáin "Beir leat" a úsáid chun dramhaíl a dhiúscairt iontu agus ní ceadmach iad a úsáid ach le haghaidh

stóráil/coimeád na n-ábhar ainmnithe, .i. gloine ghléineach/dhonn/uaine, cannaí alúmanais agus buidéil phlaisteacha nó ábhair eile a d'fhéadfadh a d'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil a ordú ó am go chéile. Tá sé toirmeasctha ar shealbhóirí dramhaíola tráchtála dramhaíl dá sórt a dhiúscairt sna láithreáin seo.

(2) Ní aistreofar dramhaíl ach chuig soláthraí seirbhíse nó chuig saoráid diúscartha dramhaíola formheasta.

(3) I gcás go n-aistríonn Duine Freagrach dramhaíl chuig duine nach Soláthraí Seirbhíse é, coimeádfaidh an duine sin taifead maidir le cineál na dramhaíola a aistríodh agus den dáta agus den áit ina ndearnadh an t-aistriú. I gceist sa taifead beidh admháil ar pháipéar ceannteidil oibreoir na saoráide chuig ar aistríodh an dramhaíl.

(4) Coimeádfaidh Duine Freagrach na taifid agus an admháil ar tagraíodh di sa bhfo-alt díreach roimhe seo go ceann dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta diúscartha na dramhaíola agus soláthróidh an céanna do dhuine údaraithe, ar iarratas ón duine údaraithe.

CUID III

11. Cionta

(1) Beidh duine a sháraíonn aon cheann d'fhorálacha na bhfodhlithe seo ciontach i gcion agus inchurtha faoi fhíneáil de mhéid nach mó ná €1,900.00 , ar a chiontú go hachomhair.

(2) Má leantar de shárú fhoráil de na Fodhlíthe seo i ndiaidh ciontú, beidh an té atá á shárú ciontach i gcion eile agus inchurtha faoi fhíneáil nach mó ná €125.00 sa lá, ar a gciontú go hachomair.

(3) Féadfaidh Duine Údaraithe iarraidh ar dhuine a fhéachann le bheith ag sárú foráil de na Fodhlíthe seo nó go bhfuil foráil de na Fodhlíthe seo sáraithe aige/aici éirí as an sárú sin agus comhlíonfaidh an duine sin iarratas an Duine Údaraithe.

(4) Duine a dhiúltaíonn géilleadh d'iarratas Duine Údaraithe mar a dtagraítear dóibh sa bhfo-alt díreach roimhe seo nó a chuireann bac ar Dhuine Údaraithe i bhfeidhmiú a c(h)umhachtaí faoi na Fodhlíthe seo, beidh an té sin ciontach i gcion.

(5) I gcás go bhfuil Duine Údaraithe den tuairim go bhfuil cion déanta nó á dhéanamh ag duine maidir le forálacha na bhfodhlithe seo, is ceadmhach don Duine Údaraithe ainm agus seoladh an duine a éileamh agus má dhiúltaítear don éileamh sin nó má thugann an duine ainm nó seoladh bréagach nó míthreorach, beidh an duine ciontach i gcion.

(6) Nuair a dhéanann foras corparáideach cion faoi na Fodhlíthe seo agus go gcruthaítear go ndearnadh an cion le toil nó le cúlcheadú nó mar thoradh ar fhaillí aon stiúrthóra, aon bhainisteora, aon rúnaí nó oifigeach eile den sórt sin den fhoras nó aon duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil mar sin, beidh an t-oifigeach nó an duine, chomh maith leis an bhforas, ciontach i gcion.

(7) I gcás go bhfuil gnóthaí de chuid foras corparáideach á mbainistiú ag a mbaill, beidh feidhm ag fo-alt 6 maidir le gnóthaí agus réamhshocruithe aon bhaill maidir lena f(h)eidhmeanna bainistíochta amhail is gur stiúrthóir de fhoras corparáideach a bhí ann/inti.

(8) Féadfaidh an Chomhairle Fógra Táille Shocraithe a eisiúint do dhuine nó d'fhoras corparáideach a sháraíonn aon fhoráil de na Fodhlíthe seo ag sonraú nach leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hionchúiseamh má íoctar an méid de €75 laistigh de 21 lá ó dháta eisiúint an Fhógra. Beidh fógra maidir le táille socraithe san fhoirm ghinearálta den fhógra sa Tríú Sceideal leis na Fodhlíthe seo.

Sceideal 1

Caitear na sruthanna dramhaíola seo a leanas a shórtáil ag an teach agus a chur i gcoimeádáin a sholáthrófar chun na críocha sin.

Dramhpháipéar, m.sh. nuachtáin, irisí, dramhphost, bileoga/ciorcláin; cairtchlár

Dramhaíl Iarmharach

Dramhaíl Gairdín

Dramhaíl Orgánach Cistine

Cannaí Alúmanaim

Cannaí Miotail

Buidéil Phlaisteacha

Cartáin Dí

BOSCA BRUSCAIR LIATH	BOSCA BRUSCAIR GLAS	BOSCA BRUSCAIR DONN
Dramhaíl Iarmharach	Ábhair Tirim inathchúrsáilte a bhféadfaí na rudaí seo a leanas a áireamh leis Dramhpháipéar Cannaí Alúmanaim Cannaí Miotail Buidéil Phlaisteacha Cartáin Dí	Dramhaíl Gairdín Dramhaíl Orgánach Cistine

Sceideal 2

Iarratas ar chlárú le Comhairle Chontae Lú faoi Fhodhlí 21 de Fhodhlíthe Chomhairle Chontae Lú um Bailiú, Cur i Láthair, Coimeád agus Stóráil Dramhaíola, 2008

Ainm Úinéir an Chomhlachta Bainistíochta
(Cóip de Dheimhniú Corpraithe le ceangal, i gcás comhlachta)

Ainm an Ollionaid Teaghaisíní

Líon na nAonad Teaghaise aonair

Ábhair Tirime Inathchúrsáilte

Líon na mBoscaí Bruscair Bailiúcháin a sholáthraítear le haghaidh Ábhair Tirime Inathchúrsáilte

Luaigh méid gach Gabhdáin

Ainm an tSoláthraí Seirbhíse agus Uimhir an Cheada Bailithe

Dramhaíl Orgánach

Líon na mBoscaí Bruscair a Sholáthraítear le haghaidh Dramhaíola Tirim Orgánaí

Luaigh méid gach Gabhdáin

Ainm an tSoláthraí Seirbhíse agus Uimhir an Cheada Bailithe

Dramhaíl Iarmharach

Líon na mBoscaí Bruscair a Sholáthraítear le haghaidh Dramhaíola Iarmharaí

Luaigh méid gach Gabhdáin

Ainm an tSoláthraí Seirbhíse agus Uimhir an Cheada Bailithe

Gloine

Líon na mBoscaí Bruscair Gloine a Sholáthraítear

Luaigh méid gach Gabhdáin

Ainm an tSoláthraí Seirbhíse agus Uimhir an Cheada Bailithe

Táille Clárúcháin de €200 faoi iamh thar ceann [Ainm an Chomhlachta]
Sínithe ag Rúnaí an Chomhlachta
Dáta

SCHEDULE 3

CONTAE LÚ
FODHLÍTHE UM CHUR I LÁTHAIR AGUS BAILIÚ DRAMHAÍL TEAGHAIGH AGUS DRAMHAÍL THRÁCHTÁLA 2008

AINM AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL: COMHAIRLE CONTAE LÚ

CHUIG:

Ainm: _____

Seoladh: _____

_____

Líomhnaítear gur sháraigh tú forálacha Fodhlíthe arna ndéanamh faoi inter alia Cuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 dar teideal Fodhlíthe Chontae Lú (Cur i Láthair agus Bailiú Dramhaíl Teaghlaigh agus Dramhaíl Thráchtála) 2008
……
ag……
……
(sonraí an cineál sáraithe, i dtéarmaí ginearálta) ag
……..……..
ar …….. . Le linn na tréimhse seo de 21 lá ag tosach ar dháta an fhógra seo féadfaidh tú suim €75 a íoc, agus an fógra seo a sholáthar/a cheangal de, ag aon cheann d'oifigí Chomhairle Contae Lú atá suite ag (1) Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Co. Lú (2) Halla an Bhaile, Dún Dealgan, Co. Lú (3) Oifigí Chomhairle Baile Dhún Dealgan, Sráid an Aonaigh, Droichead Átha, Co. Lú, Oifigí Cathartha Bhaile Átha Fhirdhia, Faiche an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú

Ní thionscnófar ionchúiseamh maidir leis an sárú líomhnaithe le linn na tréimhse dá ndéantar tagairt di agus má íoctar an tsuim de €75 sa tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh maidir leis an gcion líomhnaithe.

Sínithe: _____ **Dáta:** _____
(Duine údaraithe)

TÁBHACHTACH: Glacfar le híocaíocht ag aon cheann d'oifigí Chomhairle Contae Lú agus caithfidh an fógra seo a bheith in éineacht léi. Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh leis an bpost. Ba cheart do sheiceanna srl., a bheith iníoctha le Comhairle Contae Lú.

Beidh admháil ar fáil.

Tá an ceart agat neamhaird a thabhairt ar an bhfógra seo agus ionchúiseamh an tsáraithe líomhnaithe a chosaint sa Chúirt.

ARNA NDÉANAMH AGUS ARNA NGLACADH FAOI SHÉALA CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CONTAE LÚ

AR AN LÁ SEO DE 2008

I LÁTHAIR NUAIR A GREAMAÍODH SÉALA CORPARÁIDEACH NA COMHAIRLE

CATHAOIRLEACH / COMHALTA AINMNITHE

BAINISTEOIR CONTAE

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ